Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7363/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0161(NLE)**

**RESPR 8**
**FIN 344**
**CADREFIN 36**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Acmhainní Dílse |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10135/21 (COM(2021) 327 final) |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil<br>*- Glacadh* |

1. An 25 Iúil 2021, chuir an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil.

   Tugtar isteach na heilimintí seo a leanas isteach leis an togra ón gCoimisiún:

   - nós imeachta athbhreithniúcháin chun díospóidí a réiteach ;

   - códú agus neartú na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le malartuithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit a mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse a chur ar fáil, lena léirítear an cleachtas reatha maidir le híocaíocht faoi fhorchoimeádas, rud a fhágann go bhféadfaí caingean a thionscnamh maidir le saibhriú éagórach i gcoinne an Choimisiúin ;

- leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hús ar íocaíocht dhéanach (an uasteorainn maidir le méadú an ráta úis a leathnú chun gach cás a chumhdach) ;
- coigeartú na n-iarmhéideanna bliantúla a leasú agus cur ar fáil na gcoigeartuithe ag na Ballstáit a chur ar athló go dtí bliain N+ 2;
- códú an nós imeachta maidir le réamhíocaíochtaí;
- an fhéidearthacht don Choimisiún cuntas láraithe 'acmhainní dílse' a bhunú.
- ar deireadh, an Ghearmáin a áireamh mar thairbhí na gceartúchán cnapshuime agus an tagairt do cheartúchán na Ríochta Aontaithe a scriosadh.

2. Ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim maidir leis an togra[1] ón gCoimisiún an 22 Meán Fómhair 2021.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim maidir leis an togra[2] ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Acmhainní Dílse an togra ón gCoimisiún ag na físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla a bhí aici an 30 Meitheamh, an 12 Meán Fómhair, an 8 Deireadh Fómhair, an 18 Samhain agus an 13 Nollaig 2021 agus ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Feabhra 2022.

   An 2 Márta 2022, ar bhonn togra comhréitigh a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, tháinig an Mheitheal um Acmhainní Dílse ar chomhaontú, trí thromlach cáilithe, maidir le téacs an dréachtrialacháin ón gComhairle, faoi réir a athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch.

---

1 IO C 402I an 5.10.2021, lch. 1.
2 P9_TA(2021)0494.

Ar na hathruithe is tábhachtaí a tugadh isteach leis an gcomhréiteach, i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, tá an méid seo a leanas:

- a mhéid a bhaineann le hús ar íocaíochtaí déanacha: laghdú 14% a dhéanamh ar an uasteorainn ar an ráta úis agus tabhairt isteach tréimhse cairde cúig bliana;
- na Ballstáit a scaoileadh ón oibleagáid méideanna neamh-inghnóthaithe a chur ar fáil i gcás inar féidir leis an mBallstát a chruthú nach raibh aon tionchar ag earráid a rinne an Ballstát, tar éis bhunú na dteidlíochtaí, ar neamh-inghnóthaitheacht an mhéid a fhreagraíonn do na teidlíochtaí sin ;
- an oibleagáid atá ar an gCoimisiún measúnú mionsonraithe costais is tairbhe ar úsáid an chuntais lárnaigh a dhéanamh gan moill mhíchuí ;
- faoi chuimsiú an nós imeachta athbhreithniúcháin ; (a) uastréimhse dhá bhliain chun an nós imeachta a thabhairt chun críche, (b) an fhéidearthacht do na Ballstáit cruinniú ardleibhéil leis an gCoimisiún a iarraidh uair sa bhliain d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na seasaimh faoi seach agus (c) an measúnú a bheith déanta ag an gCoimisiún faoi 2026, ar a dhéanaí, ar fheidhmiú an nós imeachta athbhreithniúcháin nua a d'fhéadfaí, dá mba ghá, a thabhairt i gcrích le cinneadh ón gCoimisiún.

5. Mar chuid den chomhaontú ar thángthas air sa Mheitheal, d'fhógair an Coimisiún dhá dhearbhú a chuirfear isteach i dtaifead achomair chruinniú Choiste na mBuanionadaithe.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle go nglacfadh sí téacs an dréachtrialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil mar a leagtar amach in 6769/22, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.